

| | |
|---------------------------------|--|
| Ainm an Tionscadail | Tionscadal Béaloidis Ghaeltacht Thír Chonaill |
| Buntaifeadadh | T19 |
| Ainm an Agalláí | Sorcha (Sarah Rua Dhonnchaidh Sheáin) Nic Grianna. |
| Ainm an Agallóra | Dónall Dinny Ó Gallachóir. |
| Dáta an Agallaimh | 23/1/06 |
| Suíomh an Agallaimh | Rann Na Feirste. |
| Ainm an Tras-scríbhneora | Maggie Uí Ghallchóir. |

(gáire)

(sos)

(--)

Tús bréige

' _____ '

Focal dothuigthe

' _____ +'

Níos mó ná focal amháin dothuigthe

....

Beirt ag caint ag an am amháin

[]

Nóta déanta ag an tras-scríbhneoir

DÓNALL: Tá eolas agat fan chéad bheirt fhear a cheannaigh Rann na Feirste Sarah, agus clann Mhic Grianna iad, agus go bhfuil tú féin ábalta, go bhfuil tú ábalta ghabháil in gcúl seacht glúin sílim. Ba maith liom tú toiseacht agus inse cén bhliain a tháinig siad a Sarah, agus mar a cheannaigh siad an talamh.

SARAH RUA: Bhuel in 1736 bhí siad, bhí sé ráite gur tháinig siad, tháinig Seán ó thús, agus bhí dúil mhór aigesan san áit, ach tháinig Pádraig ansin go bhfeiceadh sé caidé a choinnigh Seán agus caidé a bharúil féin, agus dúirt sé nach mbeadh a'n duine beo san áit. Ach nárbh fhada le Seán pilleadh, phill sé arís agus cheannaigh siad an áit ó, ó *Lord* inteacht a bhí fá Mhullach Dubh ar £5.00 bhí sé ráite, agus ghlac Seán *An Bháinsigh*, agus síos an taobh sin, agus chuaigh Pádraig go Carraig a' Choill, nó bhí sé ag déanamh go raibh an talamh níos fearr, agus bhí Pádraig, oibrí maith a bhí ann, ach ní raibh a dhath ag cur bhuartha ar Sheán ach am maith agus ceol agus fidileoireacht, agus rudaí mar seo.

DÓNALL: Tá go maith. Agus inis tú ansin, tá tú ábalta a dhul in gcúl Sarah, ar an mhuintearthas, mar bhí tú féin muinteartha dá Phádraig, dá Phádraig Mór.

SARAH RUA: Sé, bhuel is mé Sorcha Dhonnachaidh Sheáin Mháire Phroinsiais Dhónaill Phádraig Mór A' Grianna, agus sin an dóigh a dtéann muid in gcúl go dtí Pádraig Mór 'a' Grianna, théann muid ar gcúl cúpla dóigh, ach níl mé ábalta smaointe anois air.

DÓNALL: Agus tháinig do mháthair mhór, ba sin Sarah, as Gort a' Choirce?

SARAH RUA: Mo mháthair a tháinig as Gort a' Choirce.

DÓNALL: Do mháthair.

SARAH RUA: Eibhlín Nic Suibhne a bhí uirthi-se, bhí sí istigh i mbaile Ghort a' Choirce, agus tháinig sise ó chlann ac Suibhne agus na *Fearraigh*, agus ag gabháil i gcúl, na Gallchóirí agus *Martins* agus *Mc Ginleys*, sin an fhad a thig liomsa a ghabháil léithe-se.

DÓNALL: Ó, tá sin go maith. Inis domh ansin Sarah faoi d'óige, mar a thosaigh tú. Chuaigh tú ar Scoil Rann na Feirste agus d'fhag tú go hóg é, ar fhág, ar fhág tú scoil ag ceithre bliana déag.

SARAH RUA: D'fhag, 1949 d'fhág mé an scoil ag ceithre bliana déag, agus chuaigh mé go *Tech* Loch an Iúir, agus ba ghnách linn siúil ar dtús, agus ansin bhíodh muid ag rothaíocht, bhíodh cúpla duine againn ann. Agus bhí mé ag fáil ar aghaidh maith go leor ansin, ach chonacthas domh nach, is cuma caidé chomh maith is gheobhfá ar aghaidh nach raibh tú ag gabháil áit ar bith cibé, ní raibh an t-airgead ann san am, agus bhí cuid mhaith dá mo chuid comrádaí ag obair fá *factory* Chroithlí, agus chuaigh mé síos an tráthnóna seo agus chuir mé síos mo ainm sa *factory* i ghan fhios do m'athair agus do mo mháthair, ach shíl mé nach gcluinfinn níos mó fá dtaobh do, ach tháinig scéala agam go gearr ina dhiaidh sin go raibh áit fá mo choinne, *so* ní sásta a bhí m'athair 's mo mháthair fá dtaobh de seo, ach chuaigh mé cibé.

DÓNALL: Ach d'eirigh go maith leat ansin Sarah, 's bhí dúil agat san obair.

SARAH RUA: Bhí, bhí dúil bhreá agam ann, agus ar ndóigh bhí an t-airgead ann fosta, ní raibh sé mór, más cuimhne liom, tá mé ag déanamh gur ceithre déag agus sé pingin sa tseachtain a bhí againn, ach bhí am breá againn agus bhí mo chuid comrádaí uilig ansin, agus bhíodh muid ag obair ó leath i ndiaidh an hocht ann go dtí an sé a chlog, agus corr uair leath lae Dé Sathairn, bhí uaireanta fada ann san am sin.

DÓNALL: Á *but* bhí sé sásta sa bhaile Sarah, ar bháigh mar sin.

SARAH RUA: Á bhí sé iontach sásta. Bhí. Ó bhí am breá againn, bhí chuid mhór suailce ann sa am, agus bhí aithne againn ar a mhór, ar dhaoine as Gaoth Dobhair agus na Rosann achan áit agus, bhí am maith againn.

DÓNALL: Cé a bhí os bhur gcionn ansin a Sarah, nuair a thosaigh tú ag obair ansin?

SARAH RUA: Bhí Treasa Ón. Uí hIcinn, as Gleann Colm Cille a bhí ann sa am sin, agus chuir sise thart ar na rannóga, cuid mhór de na rannóga mé ó thús, chaithinn tamall in achan rannóg. Ach an lá seo dúirt sí liom gur mhaith léithe mé a fhoghlaim sa dearadh. Bhí fear as an Ghearmáin ansin a raibh *Weberpas* air agus fuair mé a fhoghlaim ansin uaidhsan, fuair an bheirt againn ar aghaidh go maith, agus sin mar a dh'fhoghlaim mé an dearadh uaidhsan.

SARAH RUA: Tamall ina dhiaidh sin, dar liom féin gur dheas liom a ghabháil go Glaschú, ní thiothaí mé a shocrú, (gáire) agus.

DÓNALL: Agus bhí tamall caite agat i gCroithlí roimhe sin a Sarah.

SARAH RUA: Bhí, bhí cúpla bliain caite agam i gCroithlí, b'fhéidir trí nó ceithre bhliana, bhuel thrí bliana an rud is mó a bhí mé ann, déarfainn. Agus chuaigh mé go Glaschú ansin, agus ní dhéanfaidh mé dearmad go deo den chéad mhaidin, bhí muid ag an *Brumai Law* (gáire) mar dúirt siad féin, ó leith i ndiaidh an sé ar maidin agus d'amharc mé thart agus bhí an áit go dubh dorcha, agus dúirt mé liom féin, caidé ar lig mé mé féin isteach ann, *so* bhí mé ag obair ansin in monarcha faoi cheilt tamall, ach bhí mé ag déanamh nach

raibh airgead go leor ansin, agus chuaigh mé ar na busanna, *trolly buses*, so chaith mé seall ansin. Bhí am breá againn i nGlaschú, ach níor shocair mé ariamh ann, agus bhí mé sa bhaile ar laetha saoire uair, agus cé, bhí mé ar an bhus, agus cé a casadh orm ach Mícheál Ó *Bolger*, a bhí ina bhainisteoir san am seo, sin thart fá 1957. Agus chuir sé ceist orm an raibh dúil agam i nGlaschú, dúirt mé leis nach raibh, agus dúirt sé “ar mhaith leat a theacht arís?” “Ba mhaith”, a dúirt mise, “bhuel”, a dúirt sé, “má bhíonn folúntas ar bith ann” a dúirt sé, “cuirfidh mé scéala chugat”. So go gearr ina dhiaidh sin fuair mé scéala go raibh obair i gCroithlí arís agam, so phill mé na bhaile.

DÓNALL: Agus do sháith lúcháir ort.

SARAH RUA: Agus mo sháith lúcháir orm, (gáire).

DÓNALL: Bhuel inis domh anois, a thuilleadh fá, fan mhonarcha a Sarah, an cineál oibre a thosaigh tú air arís ansin, nuair a phill tú?

SARAH RUA: Bhuel ní raibh mé i bhfad uilig ann an darna uair go dtí gur cuireadh go Baile Átha Cliath mé, agus chuaigh mé isteach ann, in Acadamh na nDearadh, in *Dawson Street*, agus bhí mé ansin thart fá bhliain, agus fuair mé Diplóma amach as sin. So phill mé arís go Croithlí ansin, agus bheinn ag déanamh amach patrúin do na bábóga, chaithfeá déanamh amach caidé méid éadaí a dhéanfadh dosaen acu, caidé an méid ama a ghacfadh sé fuáil dosaen acu, agus ar aghaidh mar sin.

DÓNALL: Agus cé mhéid duine a bheadh ag obair sa mhonarcha nuair a bhí sí ag gabháil ag seoladh go maith a Sarah?

SARAH RUA: Bhuel níl cuimhne agam mar is ceart, ach sílim gur idir ochtú agus céad a bheadh ann, mná is mó a bhí ann, girseacha, agus bhí gráin fear ann fosta bhí siad ag déanamh bábóga *plastic*, agus bhí na fir ag na *moulds*.

DÓNALL: Ach bhí sí ag gabháil go speisialta maith san am.

SARAH RUA: Ó bhí sí ag gabháil go hiontach maith agus gheobhadh siad orduithe iontach mór as *Clearys* agus *Roche's Stores*, agus rachadh an dearthair go *Harrigate* in Sasain ag an aonach ansin i dtús na bliana i gcónaí, agus gheobhadh siad orduithe as Sasain fosta.

DÓNALL: Agus an raibh sibh a gcur go Meiriceá a Sarah?

SARAH RUA: Bhuel ní dhéarfainn go deachaigh a leithid a mholl go Meiriceá i dtú.., san am sin, b'fhéidir níos moille, ach ní shílím go deachaigh cnap ar bith. Na rudaí speisialta a dhéanadh muid, bheadh daoine a gcruinniú, an bhfuil fhios agat, cosúil le "Fear as Árainn", nó "Cailín Gaelach" nó "Mná Rialta" cóirithe mar sin, ní raibh iontu a rudaí beaga, b'fhéidir deich n-orlaí ná dhá orla déag, chruinníodh daoine na cineálacha seo, sílim go rachadh siad sin go Meiriceá. Bhí siopa taobh amuigh den mhonarcha fosta agus cheannaíodh cuid mhór cuairteoirí rudaí, ó bhí sé ag gabháil iontach maith san am sin.

DÓNALL: Bhí sin go maith.

DÓNALL: Inis seo domh a Sarah, bhí lá agus bhuail soilseach an monarcha fosta?

SARAH: Bhí (gáire).

DÓNALL: Inis domh.

SARAH: Ó bhí giota rásaíocht ag gabháil an lá sin, bhí an solas suas uilig an *bench* ach go bé gur chur daoine, níl a fhios ag cé a chur do an aibhléis, ach go bé gur smaoinigh duine inteacht go gasta b'fhéidir go mbeadh cúpla duine marbh. Ach rith muid uilig ar ndóigh amach an doras cúil agus dá dtitfeá, ní fhanadh a'n duine le tú a thogáil déarfainn. (gáire). Agus bhí muid ag déanamh suas ar theach *Fali John* ansin, agus caidé a bhí ach, bhí teach *Fali* buailte fosta, teilifís dóite agus taobh an tí, poll ar taobh an tí, *so* bhí droch lá an lá sin ann, ach ina dhiaidh sin chuaigh muid ag obair lá arna mhárach arís.

DÓNALL: Sin an cheist a bhí mé ag gabháil a chur, ar dear sé oiread dochair agus nach mbeadh an monarcha ábalta a ghabháil ar aghaidh ach ní amhlaidh an cás.

SARAH: Ní, níorbh é, tá mé ag déanamh gur shábháil, cé bith an té a thiontaigh do an aibhléis, shábháil sé é, nó b'fhéidir go mbeadh an áit ar thine uilig.

DÓNALL: *So*, ag caint ar na bábóga féin anois arís a Sarah, an bhfuil a fhios agat anois an patrúin agus an cineál éidiú a chaith siad, an raibh tusa ag gabháil le faisean a bhí ag gabháil ag an am agus a mhacasamhail sin?

SARAH: Bhí, bhí agus bhí na "*hot pants*" ag gabháil san am sin.

Dónall agus Sarah:Gáire.

SARAH: Agus bhí siad sin ann fosta, agus na sciortaí móra seo a raibh na cótaí beaga móra istigh fúthu, agus *blouseanna* deasa, agus, ó bhí achan chineál dá mbeadh ar na girseacha óga ag gabháil ar na babóga, bhí siad cóirithe go deas.

DÓNALL: Bhí sin maith. Agus an é mná na háite seo as Rann na Feirste agus thart, barr Dhobhair agus na háiteacha sin, ba as thart an cheantar an chuid is mó acu?

SARAH: Ó sé, bhí cuid mhór as Rann na Feirste agus as barr Dhobhair, agus, ó, amach soir go dtí an Charraig agus, suas na cnoic, agus Loch an Iúir agus Anagaire agus Bun na mBeann, bhí siad as achan áit ann, bhí, agus sin an dóigh a bhfaighfeá aithne ar achan nduine, bhí aithne agat ar achan nduine, choinnigh muid suas an cairdeas ariamh ó shín, bhí sé deas.

DÓNALL: Bhí monarcha Chroithlí ag gabháil i bhfad roimhe sin, nó bhí siad ag déanamh ábhar eile ann, nach raibh a Sarah?

SARAH: Bhí, ach an bhfuil a fhios agat, ní cuimhne liomsa ró mhaith, ach gur chuala mé go raibh siad ag déanamh cairpéidí ann, agus bhí siad ag déanamh síoda uair amháin, ach sin a bhfuil fhios agam fá sin.

DÓNALL: Sin i bhfad roimhe d'am-sa a Sarah?

SARAH RUA: Sé, bhuel b'fhéidir go raibh sé in m'am, ach go raibh mé beag san am, an bhfuil fhios agat?

DÓNALL: Tá a fhios agam ach ba mhaith an rud é a Sarah an t-am nuair a bhí beagán eile oibre ag gabháil, bhí achan duine ag imeacht ar bhád Dhoire.

SARAH: Nach cinnte gur mhaith, bhí sé iontach maith fá choinne na daoine a choinneáil sa bhaile. Ach bhí siúl i gcosa chuid againn, ní thiocthaí muid a choinneáil.

DÓNALL: *But* creidim bhí do chairde uilig ag imeacht a Sarah agus bhí tusa fá choinne a bheith ar an bhád cheánna.

SARAH: Á bhí, sin an rud agus ó an bád ceánna, ní raibh sé deas a bheith uirthi, nó bhí eallach uirthi agus achan rud.

DÓNALL: Bád Dhoire a Sarah?

SARAH: Sé, ní raibh sí deas sna am sin, ní hionann é agus sa lá inniu.

DÓNALL: Daoine ag éirí tinn, agus..

SARAH: Óch, bheadh leath acu tinn, agus ní raibh mé féin ariamh tinn uirthi, bhí an t-ádh orm, na ní rud deas atá ann, a déarfainn. Ach *em*, sin mar a bhí, bhí muid anonn `s anall, bhí go leor go maith linn anonn `s anall, ach creidim nár cheart dá mo mhacasamhail-sa a bheith anonn `s anall nuair a bhí obair sa bhaile agam., (gáire).

DÓNALL: Á bhuel, ní bheinn anuas ort, bhí do chairde uilig ag imirt a Sarah.

SARAH: Bhí agus bhí tú ag déanamh go raibh rud inteacht maith ar an taobh eile nach raibh tú a fheiceáil, ach ní mar a shíltear, bítear. (gáire).

DÓNALL: Ar shocair, níor shocair tú ariamh i nGlaschú, cha raibh, ar raibh sé go measartha ag deireadh na seachtaine Sarah, an rachfá ag damhsaí, agus?

SARAH: Ó, bhí sé iontach maith, bhí. Ná bhí oiread daoine as Éirinn agus thart anseo ann bhí sé mar a bheifeá sa bhaile, bhí níos mó b'fhéidir thall ná a bhí abhus, agus chasfá leofa sin uilig ag na damhsaí, agus ó bhí am breá againn an dóigh sin. Go raibh sé ar chúl d'intinn i gcónaí thart arís, bhuel mé ar m'intinn-sa cibé.

DÓNALL: Cé mhéid bliain a chaith tú ansin i nGlaschú, a Sarah?

SARAH: Bhuel á, trí nó cheathair, tháinig mé arís in '67, á, '87 agus á, tá mé contráilte, tháinig mé arís in '67. Nuair a, bhí mé pósta in '61 ar Niall Ó Baoighill, as Mín a Leice, agus bhí beirt pháiste, chuaigh mé a chonaí go Glaschú an t-am sin, agus, bhí beirt pháiste agam, ach bhí timpiste ag Niall ag a chuid oibre in *Ayr?* agus maraíodh ansin é. Tháinig mé arís anseo a chonaí in 1967. Sin an t-am a chuaigh mé arís go Chroithlí, tá mé cineál measctha suas sna dátaí anois. Ach bhí mé ansin go dtí gur pósadh mé an darna uair in 1971, agus pósadh mé ar Phádraig Mac Grianna, as Rann na Feirste, agus bhí muid inár gcónaí anseo sa teach seo a bhfuil mé ann anois, agus bhí triúr eile clainne agam ansin. D'fhág mé an obair ansin le hamharc i ndiaidh mo chlann.

SARAH: *So* ní raibh mé, fuair seisean bás in 1987, agus bhí mé ag smaoineamh ansin caidé a dhéanfainn ansin. Bhí cúigear agam ansin agus iad le ghabháil in oideachas, triú leibhéal oideachais, agus ní furasta sin.

DÓNALL: Ní raibh sé furasta.

SARAH: Ní raibh, *so* lá amháin tháinig, bhí mé ag obair dá Choiste Ghairm Oideachas Dhún na nGall tamall gairid. Bhí mé amuigh i nGort a' Choirce, in *factory* bhí ag toiseacht ansin, agus bhí mé tamall eile i gClochán ag *Nina Models* nuair a thosaigh siad ó thús, ag cuidiú leofa sin, agus.

DÓNALL: An raibh siadsan ag déanamh léinte agus cineál sin a Sarah?

SARAH: Ó, éadach ban is mó a bhí siad ag déanamh, ba ghnách leo cuid mhór a dhéanamh dá *Dunnes Stores* agus siopaí mar sin, agus ó, thiontaigh siad amach go raibh áit mhór acu ina dhiaidh sin i gcúpla áit i nDún na nGall, ach ba sin a thús, *so* bhí sé doiligh go leor i dtús ama toiseacht. Ó, tháinig bainisteoir Bhord Sláinte an Iar-Thuaiscirt as Gaoth Dobhair aníos lá agam, ag cur ceist orm an líonfainn isteach ar feadh trí seachtaine, bhí duine inteacht ar shiúl as an áit, dúirt mise go rachadh ar feadh na trí seachtaine *but* go raibh na páistí agam `s nach mbeinn ábalta níos mo ná sin a dhéanamh, ach thiontaigh na trí seachtaine amach go raibh mé cúig bliana déag go leith ann, (gáire).

DÓNALL: `s an raibh dúil agat san obair sin a Sarah?

SARAH: Bhí, á bhí, bhí siad iontach deas, na páistí sin, agus bhí mé ag foghlaim fuáil daofa, agus nuair a d'fhag mé an obair an bhfuil fhios agat, bhí mé iontach buartha a bhfágáil, ach sin mar a théann an saol, téann an t-am thart `s caithfidh tú bogadh.

DÓNALL: Agus c'áit i nGaoth Dobhair a raibh tú ag obair a Sarah?

SARAH: San áit a tugann siad Tobar air anois.

DÓNALL: Ó, tuigim anois, tá a fhios agam.

SARAH: Bhí thart fá, ó idir ochtar agus trí chlainne déag agam idir amanna, bhí siad ag imeacht agus ag teacht, sin mar chuaigh mé ar aghaidh ansin. Ó, bhí siad iontach maith, bhí siad maith ag piocadh suas rudaí, agus dhéanadh siad cótaí bána fá choinne ospidéal,

agus éadach leapa, agus rudaí mar sin, naprúin fá choinne *factories* a bhí thart orainn, bhíodh siad coinnithe gnóthach.

DÓNALL: Agus bíonn tú, lean tú ar aghaidh, bíonn tú ag gabháil den fhuáil go fóill a Sarah?

SARAH: Á bhuel, ní dhéanaim mórán anois, rinne mé, idir amanna, bheinn ag fuáil sa bhaile, agus bhí mé ag cniotáil le *machine* tamall fosta. Ní raibh mórán rudaí nach raibh mé ag gabháil do am inteacht, ach, bhfearr liom a bheith ag obair, páigh lae a bheith agam ná a bheith ag obair sa bhaile. Bíonn sé doiligh coinneáil le sin corr uair, bheifeá ag obair go mbeifeá, bheadh sé iontach mall nuair a thiocfadh macasamhail an Nollaig, nó an Cháisc na amanna mar sin, bhuel dá mbeifeá ag obair in monarcha, bheifeá réidh tráthnóna ar a leithid seo am agus bhí.

DÓNALL: Bhfearr leat mar sin é?

SARAH: B'fhearr, bhí tú cinnte dá do pháigh ag deireadh na seachtaine. (Gáire).

DÓNALL: 'S an raibh mná Rann na Feirste, nuair a bhí tusa i do chailín óg, an raibh siad ag gabháil den chniotáil, a Sarah?

SARAH: Bhí, bhí cuid mhór cniotáil ag gabháil, mar bhí féin, ní raibh siad ag fáil díolta ró mhaith air. Ní raibh mé féin cniotáil mórán ariamh, ní raibh maith ionam sa chniotáil, agus ní cionn mé, ba mhaith liom achan rud a bheith gasta, (gáire), *so* chonacthas domh go raibh an chniotáil láimh ró fhadálach, sin an tuighe ar bhfuair mé an inneall cniotála. Rinne mé go leor geansaí agus rudaí do pháistí thart orm san am, ná tháinig mé trasna ar leabhair ansin dá gairid ó shin, bhí dearmad déanta agam an méid a rinne mé acu, rinne mé gráin measartha mór.

DÓNALL: An cineál patrúin Sarah?

SARAH: Á, bhuel, sé, bheadh cuid mhór *different* cineál, *but* rudaí scoile is mó a dhéanfainn, bhfuil fhios agat, rudaí dath amháin bhfuil fhios agat.

DÓNALL: Sé. Sarah, bhí mé ag gabháil a chur ceist ort fá d'athair, bhí tú a rá gur gréasaí a bhí ann, agus bhí sé ag obair i nGaoth Dobhair tamall fosta, an raibh?

SARAH: Bhí sé ag obair in áit a raibh an siopa ag *Johnny* Eoin Hudaí uair amháin thuas ar an lofta, agus mar bhí féin, bhí moladh mór aige ar mhuintir Eoin Hudai. Dhéanadh m'athair bróga fosta agus dhéanadh sé *sandals*, agus chóiríodh sé na bróga fosta, bhí sé tamall measartha ansin, níl a fhios agam cé mhéad bhliain. Ach *em* bhí sé in Anagaire fosta, thiar anois taobh thiar, an áit a bhfuil Caisleáin Óir, agus bhí sé ar mhullaí *Bharney* fosta, i dtigh *Bhiddy Bharney*, agus ansin creidim nuair a pósadh é, tháinig sé anuas na bhaile, agus tá teach beag ansin ag teach mo mhuintir, ba ghnách leis a bheith ag obair ann. Ní, chuireadh sé thart an t-am go maith do, agus bhí airgead i gcónaí ag teach isteach againn, *so* chuidigh sin leis an teaghlach a thógáil nó bhí ochtar againn ann.

DÓNALL: Bheadh traidhfil scillingeacha á shaothrú aige á Sarah?

SARAH: Ó bheadh, *aye* ach leoga ní raibh sé daor leis na bróga, nó ní raibh an t-airgead ag na daoine le bheith a chaitheamh amach, agus bhí teaghlaigh mhóra achan áit, agus iad ag siúl achan áit an t-am sin, bhí siad trom ar na bróga. Agus is cuimhne liom bhíodh sé ag fuáil na leathbhonnaí ar na bróga, le lámh corr uair, ná bhí daoine ann nach raibh dúil acu sna tairní ar chor ar bith, b'fhearr leofa, agus ba *John* Bán fear acu sin. (Gáire).

DÓNALL: (Gáire). Bhí *John* confach, ní raibh dúil aige ansin.

SARAH: *No, no but* bhí sé, ba maith leis na rudaí maithe, agus deasa, agus ba mhaith leis a chuid bróga a bheith lámh-fhuáilte, agus sin mar a bhí sé, agus ba ghnách le m'athair sin a dhéanamh do.

SARAH: Chaitheadh *Joe* Fheilimí tamallacha maith ag m'athair an bhliain a bhí sé sa bhaile, rachadh sé suas an aicearra ansin go hAnagaire ná cibé áit a raibh sé ag gabhail, síos ó theach s'againne. Ní bhfaighfeá síos anois le aiteann ann. (Gáire).

DÓNALL: Bhí siad speisialta ag scríobh agus ag cumadh filíochta a Sarah?

SARAH: Ó bhí, bhí *John* iontach maith, *aye*, gan mórán oideachais ach amharc chomh cliste a bhí sé.

DÓNALL: Ní raibh sé ar an scoil i bhfad ar chor ar bith?

SARAH: Ó ní, cúpla lá, *aye*, níl a fhios aige caidé a dhéanamh sé, dá bhfaigheadh sé tamall air, (gáire). Ó ní raibh fiachadh air, bhí sé iontach maith, bhí siad sin uilig chomh cliste.

DÓNALL: Agus ba ghnách leat ansin nuair a bhí tú i mBaile Átha Cliath, dúirt tú go dtabharfá corr chuairt air.

SARAH: Bhuel bhí mé i dtigh Jimí cúpla uair, ach ní raibh comhrá mór ar bith agam le Jimí, nach déarfainn go raibh sé ag déanamh go raibh mé ró-óg, 's bheadh níos mó suim aige i macasamhail m'athair ná a bheith ag caint liomsa. Sea, sin a bhfaca mé do cúpla uair.

DÓNALL: Ach bhí a shláinte ag meath san am fosta a Sarah, nach raibh?

SARAH: Ag Jimí?

DÓNALL: Sé.

SARAH: Bhuel bhí sé ag éirí aosta san am sin, a bhfuil fhios agat. Joe ar, ar mheath an tsláinte, is mó ar mheath an tsláinte air. Ba ghnách le Jimí a bheith ar laetha saoire abhus i Rann na Feirste chóir a bheith achan Samhradh, chaitheadh sé laetha go leor thíos ag

m'athair i dteach na mbróg, ag cur thart an ama creidim, ar ndóigh bhí siad muinteartha do fosta, bhí siad an dá _____...

DÓNALL: ...Daoine _____...

SARAH: ...Dhá uair. *Aye.* *Só* bhí sé mór leis an dóigh sin.

DÓNALL: Caidé na dánta agus na hamhráin a sheasann amach leat a Sarah, a chum sé? Is iomaí ceann.

SARAH: Bhuel, "Cumhaidh an Fhile", agus an "An Gheal Mhór", tá mé ag déanamh nach bhfuil a dhath déanta go maith is atá "An Gheal Mhór", an ghaeilge atá ansin, a ní chluin muid é ró mhinic, creidim go bhfuil sé ró fhada le cur ar an raidió ná rud, ach ní shílím go bhfuil gaeilge in rud a bith chomh maith leis. Agus óch, rinne sé oiread d'amhráin 's ní cuimhne liom anois iad, "Thíos i Lár an Ghleanna", "*Foggy Dew*", chuir sé gaeilge air fosta.

DÓNALL: An bé Séamus a rinne sin?

SARAH: Séamus a chur an ghaeilge air, ach ghlac, ghlac Joe isteach ina leabhar féin é. Ach níor inis sé gur Séamus a rinne é ach oiread.

DÓNALL AGUS SARAH:Gáire

DÓNALL: Agus an raibh fhios agat a Sarah cé, cé scríobh an "*Foggy Dew*" i mbéarla?

SARAH: Ní raibh fhios.

DÓNALL: *No.*

SARAH: Anois, níl a fhios agam sin.

DÓNALL: Bhí a fhios agam gur Séamus a chur, d'aistrigh sé go gaeilge é.

SARAH: Díobháil ná chuala mé é, ach ní cuimhne liom anois é, ach bhí sé iontach maith. Deir siad, gur, go raibh siad thiar fan Chlochán Liath agus go raibh cruinniú acu, agus na hÓglaigh a bhí ann san am sin, agus go ndúirt siad go gcaitheadh siad amhrán inteacht a bheith acu, agus go ndúirt duine inteacht rud inteacht fan "*Foggy Dew*", agus go dúirt Joe nach dtiocfadh leo a ghabhail amach ag ceol béarla, go gcaitheadh siad gaeilge a chur air, agus gur chuir Jimí an ghaeilge ar an amhrán ansin, go raibh sé déanta aige i gcionn ceathrú huaire.

DÓNALL: Agus bhí na focail go maith sin, ní shílfeá a choíche gur, bhfuil a fhios agat, gur aistriúchán a bhí ann.

SARAH: Ní shílfeá, bhí sé iontach maith, bhí sé deas.

DÓNALL: Anois, a Sarah, bhí mé ag caint an lá deireannach leat fosta, fá an dóigh bhfuil amharc galánta amach na farraige anseo ar na Maca Gorra, agus dúirt tú go bhfuil an scéal agat, ar mhaith leat sin a inse domh fá na Maca Gorra, a Sarah?

SARAH: Bhuel, seo mar is cuimhne liomsa cé acu atá sé ceart nó nach bhfuil. Ba mhaith le Colm Cille Críostaithe a dhéanamh dá mhuintir Thoraigh, ná Páánaigh a bhí iontu san am a deir siad, ach ní raibh siad sásta é a ligeann i dtír. Dúirt siad go dtiocfadh leis seasacht ar chlaí ar chósta an oileáin, rinne sé sin, agus chaith sé a chlócha ar imeall an oileáin agus spré an clóca thart ar an oileán uilig, agus theith siad ansin ach an tríú seo, Tadhg, Úna agus Brian. Ghearr Colm Cille an Chros Chéasta orthu, agus rinne sé trí carraigeacha do i mBéal Uaigh, chuir sé geasa orthu; Lá Bealtaine i gcionn achan seachtú bliain, bhéarfadh na carraigeacha iarraidh snámh arís go Toraigh i gcruth daoine, ach dá bhfeicfeadh súil shaolta iad, thiontódh siad isteach ina gclocha arís, agus chaithfeadh siad fanacht sa talamh a raibh siad ann go cionn seacht mbliana arís. Agus sin an rud a chas ann iad go fóill. Deirtear nach bhfuil ann ach beirt anois, sílim gur Úna agus Tadhg a bheas ann, ná níor fhóir beirt fhear agus bean amháin.

DÓNALL AGUS SARAH: (Gáire).

DÓNALL: Bhuel, tá sé fíor a Sarah, níl ann a beirt anois.

SARAH: Deir siad sin.

DÓNALL: Sé.

SARAH: Cé acu tá sin fíor, níl fhios agam cé acu an fharraige a d'éirigh in airde, deir siad go bhfuil an fharraige ag éirí, agus gur chur sé clúdach ar cheann acu ná nach bé nó b'fhéidir go bhfuil ceann acu istigh i dToraigh i ngan fhios dúinn.

DÓNALL: B'fhéidir go bhfuil.

DÓNALL AGUS SARAH: (gáire)

DÓNALL: Ó bhuel. Sarah, chaith tú saol ar dóigh, agus d'éirigh go maith leat in do shaol oibre, caithfidh mé a rá.

SARAH: Bhuel, chaith, bhí mé breá sásta leis, bhí rud inteacht úr agam achan lá, ní raibh tú ag gabháil den rud amháin ar fad, agus shásaigh sin mé.

DÓNALL: Agus bhí tú ag gabháil den chineál oibre a raibh dúil agat ann.

SARAH: Bhí ach creidim go raibh muid i bhfad níos fusa a shásadh sa tsaol a bhí againn san am. Ní raibh *televisions*, ná *radios* ná rudaí againn ó thús ar chor ar bith, ná *computers*, ná a dhath ar bith dá bhfuil ag gabháil anois, *aye*.

DÓNALL: Ach a Sarah, an dóigh a bhfuil an saol úr anois, bhí tú ag caint níos luaithe air, ar mhaith leat anois, caidé a ba mhaith leat a dhéanamh anois dá mbeifeá i do chailín óg ag éirí aníos?

SARAH: Bhuel, tá rud amháin a dhéanfainn, choinneoinn leis an oideachas, agus á, ba mhaith liom *chance* a bheith agam a dhul go dtí macasamhail an Chrannóg agus áit mar sin, an áit a dtiocfadh leat níos mó a fhoghlaim, ach faraor, tá an t-am sin thart. (Gáire).

DÓNALL: Á, nach bhfuil tú i do chailín óg go fóill. Anois a Sarah, tá traidhfil scríofa amach agat fá mhuintearas, agus ba mhaith liom tú é a léamh, agus bhéarfaidh mé liom an bhileog sin nuair a bheas mé ag fágáil, má thabharann (thugann) tú cead domh?

SARAH: Maith go leor. Bhuel, Sorcha Dhonnachaidh Shorcha Dhonnachaidh Ruaidh Nancy Bhrianaí Dhónaill Bhriain Phádraig Mór ac Grianna, sin Pádraig Mór a tháinig in 1736, agus ansin tá taobh eile, Sorcha Dhonnachaidh Shorcha Dhonnachaidh Ned Jack Ó Gallchóir, tháinig Jack Ó Gallachóir as Kilcar sílim, agus ansin tá bean Dhónaill Phroinsias; Sorcha Rua Ned Jack, deirfiúr Dhonnachaidh Ruaidh, garathair mór domh, sin mar tá, tá siad fite fuaite fríd a chéile uilig.

DÓNALL: Tá siad.

SARAH: Agus tá muintir an bhaile seo muinteartha dúirt Neddy Frank fad ó shin, sé huaire deag dá chéile, *so* (gáire).

DÓNALL: Agus, ach, tá, na daoine amháin, tá sibh uilig muinteartha.

SARAH: Sé. *So* má bhíonn muid ag gabháil dá a'n duine, beidh muid ag gabháil dúinn féin.

DÓNALL AGUS SARAH: (gáire).

DÓNALL: Bhuel sin é anois Sarah.

SARAH: Sé, sin deireadh.

DÓNALL: Go raibh maith agat.